Tuarascáil ar dhul chun cinn na moltaí ó Mheastóireacht roimhe seo.

Cigireacht Leanúnach – Tuarascáil ar dhul chun cinn			
Ainm na Scoile	**Gaelscoil Chluain Dolcáin**	**Uimhir Rolla**	**19855P**
Seoladh na Scoile	**Bóthar Nangor, Cluain Dolcáin**	**Dáta na bunchigireachta**	**08/03/2012**
Cineál Cigireachta	**MSU**	**Dáta na cigireachta leanúnaí**	**23/10/2013**

Gníomhachtaí na Cigireachta Leanúnaí

Cruinniú leis an bpríomhoide
Athbhreithniú ar cháipéisí scoile agus ar obair na ndaltaí.
Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim sna ranganna
Idirghabháil le daltaí

	Eochairmholadh mar a luadh sa bhuntuairisc	**Dul chun cinn atá déanta ar chur i bhfeidhm na n-eochairmholtaí**	
1	Moltar clár córasach do labhairt na Gaeilge a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhonn uile-scoile.	Comhlíonta go hiomlán	Tá an tumoideachas agus an clár Séideán Sí curtha i bhfeidhm sa scoil anois. Tá feabhas ar chaighdeán na múinteoireachta agus na foghlama dá bharr.
2	A whole-school approach to the development of pupils' oral and writing skills in English should be implemented.	Dul chun cinn suntasach déanta	The school has begun specific initiatives such as 'Power Hour' and the introduction of whole-school programmes in English reading and comprehension. This is a very good start which should be continued and developed. A greater emphasis on developing writing for communication and expression is recommended.
3	Moltar polasaí agus cleachtas na scoile i leith tacaíocht do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais a fhorbairt le go mbeidh sé ar aon dul leis an leanúntas tacaíochta.	Comhlíonta go hiomlán	Tá polasaí an-mhaith, bunaithe ar an leanúntas tacaíochta, ag an scoil anois agus tá an cleachtas feabhsaithe go mór.
4	Comhairlítear don Bhord Bainistíochta tuairisc aontaithe ar gach cruinniú a chlárú agus a roinnt le pobal na scoile agus bealaí a fhiosrú le cumarsáid rialta a dhéanamh le patrún na scoile.	Níl dul chun cinn déanta	Níor thug an Bord faoin moladh seo a chur i gcrích go fóill
5	Ba chóir nasc níos soiléire a bheith ann idir ábhair an phlean Gaeilge agus cúspóirí ábhair an churaclaim. Sa phlean Béarla b'fhiú pleanáil d'forchéimniú scileanna thar snáithe uile an churaclaim. Moltar freisin níos mó airde a dhíriú ar mhodheolaíochtaí cuí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.	Dul chun cinn suntasach déanta	Tá nasc soiléir anois idir ábhair an phlean Gaeilge agus cuspóirí ábhair an churaclaim. Tá tús curtha le hath-dhréachtú an phlean Béarla. Ba chóir cód faoi mhodheolaíochtaí cuí a chur sa dá phlean anois.
6	B'fhearr toradh phleanáil an oide aonair dá mbunófaí é ar chuspóirí sainiúla curaclaim agus dá ndéanfaí pleanáil níos sainiúla d'fhorbairt teanga na ndaltaí. Níor mhiste cuspóirí atá dírithe ar riachtanais fhoghlama an dalta, faoi mar a léirítear i dtorthaí measúnaithe dhiagnóisigh, a dhearadh do na daltaí	Dul chun cinn suntasach déanta	Bunaítear pleananna na múinteoirí ar chuspóiri sainiúla curaclaim don chuid is mó anois, agus tá cuspóirí atá dírithe ar riachtanais fhoghlama an dalta deartha do na daltaí le RSO. B'fhiú anois córas pleanála a chur i bhfeidhm, ag leibhéal an oide aonair, a éascóidh pleanáil níos sainiúla d'fhorbairt teanga na ndaltaí.

	le RSO.		

Achoimre ar na cinní

Is léir go ndeachaigh an scoil i ngleic leis na moltaí ón MSU agus gur chuir siad plean le chéile d'fhonn na moltaí a chur i gcrích. Tá dul chun cinn suntasach déanta acu. Moltar an príomhoide as an gceannaireacht a léirigh sé san obair seo. B'fhiú anois don scoil leanúint ar aghaidh ag cur an phlean i bhfeidhm.

Moltaí

1. Monatóireacht a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim sa Ghaeilge agus sa tacaíocht foghlama le cinntiú go bhfuil éifeacht ag na pleananna ar thorthaí foghlama na ndaltaí.
2. Príoracht a thabhairt anois don Bhéarla, ag díriú isteach ar scileanna urlabhartha agus scríbhneoireachta na ndaltaí.
3. Córas pleanála a chur i bhfeidhm ag leibhéal an oide aonair a éascóidh pleanáil níos sainiúla d'fhorbairt teanga na ndaltaí.
4. Tabhairt faoi na hachair churaclaim eile (Stair, Tíreolas etc.) ar bhonn córasach, mar a thug siad faoin nGaeilge agus faoin mBéarla.